# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2000

## Gnó – Ardleibhéal

## (400 MARC)

## DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH, 9.30 r.n. go 12.30 i.n.

**Freagair**

**(A)** **Ocht gceist ó Roinn 1**

**(B)** **An Cheist ar Ghnó Feidhmeach ó Roinn 2 agus**

**(C)** **Ceithre cheist ó Roinn 3 mar seo a leanas:**

**Ceist amháin ó Chuid 1, dhá cheist ó Chuid 2**
**Agus ceist Amháin eile ó Chuid 1 nó Cuid 2.**
**Tá an marc céanna ag dul do gach ceist.**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**RABHADH**

**Ní mór duit Roinn 1 a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

**Tabhair ar aird le do thoil dáileadh na marcanna in aghaidh gach ceiste.**
**Is ceadmhach áireamháin a úsáid**

**Scríobh do scrúduimhir anseo**

**THALL ®**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2000
# Gnó - Ardleibhéal

## ROINN 1 – CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ
**(80 marc)**

**Is roinn éigeantach í an roinn seo. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag dul do gach ceist.**

**1.** Is liosta de théarmaí Gnó atá i gcolún 1. Is éard atá i gcolún 2 liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin. Meaitseáil an dá liosta tríd an litir a ghabhann leis an míniúchán ceart a chur leis an uimhir chuí thíos. Tá míniúchán amháin ann nach bhfuil aon ní ann le meáitseáil leis.

| Colún 1. | Colún 2: Míniúcháin |
|---|---|
| 1. Tomhaltóir | (a) Cumhacht duine nádúrtha nó duine dlíthiúil atá in ann conradh a dhéanamh. |
| 2. Comaoin | (b) Daoine ag obair le chéile i gcomhar chun cuidiú le chéile. |
| 3. Inniúlacht | (c) Téarma atá tábhachtach agus a bhaineann le croílár conartha. |
| 4. Comhoibriú | (d) Difríocht a thagann chun cinn idir daoine aonair nó grúpaí. |
| 5. Coinníoll | (e) Duine nó eagraíocht a cheannaíonn earraí nó seirbhísí. |
| | (f) Sochar a théann ó pháirtí amháin chuig páirtí eile i gconradh. |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**2.** Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma "Eadráin".

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**3.** Déan idirdhealú idir "bainistíocht riosca" agus "bainistíocht ama".

**(i)** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

______________________________________________

**4.** Dréachtaigh gnáth Réise Rialúcháin d'eagraíocht.

Mínigh do fhreagra in abairt amháin.

**5.** Críochnaigh an abairt:
Cuidíonn 'Scarbhileog' le cuideachta chun:

**6.** Is teicníocht tionscnaimh a bhfuil tóir air é Tionscnamh Díolacháin. Liostaigh trí theicníocht tionscnaimh eile a mbaineann gnó leas astu.

**(i)**

**(ii)**

**(iii)**

Imlínigh aon cheann ar bith acu.

**THALL ®**

**7.**

| | 2000 | 1999 |
|---|---|---|
| | Éir£ | Éir£ |
| Iasachtaí Fadtéarmacha | 310,000 | 307,000 |
| Caipiteal Ghnáthscaireanna | 210,000 | 150,000 |
| Cúlchistí | 98,000 | 55,000 |
| Rótharraingtí | 56,000 | 76,500 |

Obair Gharbh

Ríomh na Cóimheasa Fiachais/Cothromais do gach bliain. 2000 ___________:___________ agus 1999 ___________:___________ Taispeáin Obair Gharbh.

Déan ráiteas faoin treocht.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**8.** Léirigh an difríocht idir 'Fiontar Pobail' agus 'Fiontar Stáit'.

**(i)**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(ii)**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**9.** Dá mbeadh Éir£450,000 de luach ar an margadh ag áitreabh agus é faoi árachas de luach Éir£350,000 nuair a tharla páirtchaillteanas de Éir£124,000 de bharr tine i gcuid na n-oifigí den fhoirgneamh, ríomh an méid cúitimh a bheadh le híoc leis an árachaí.

Obair Gharbh

Éir£ _________________

Mínigh do fhreagra

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**10.** Liostaigh <u>ceithre</u> ghníomhaíocht chodarsnacha i mbainistíocht teaghlaigh agus i mbainistíocht ghnó.

**(i)** ________________________________________________________________

**(ii)** ________________________________________________________________

**(iii)** ________________________________________________________________

**(iv)** ________________________________________________________________

**[80 marc]**

**CUIR AN ROINN SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR LE DO THOIL.**

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2000

# Gnó - Ardleibhéal

# ROINN 2 agus ROINN 3

**FREAGAIR AN CHEIST AR GHNÓ FEIDHMEACH**

**agus**

**Ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**

**Ceist amháin as Cuid 1,**

**Dhá cheist as Cuid 2**

**agus ceist amháin eile ó Chuid 1 nó Cuid 2.**

**THALL ®**

# ROINN 2

**(80 Marc)**

**Is ceist éigeantach í an cheist seo.**

# Ceist ar Ghnó Feidhmeach

**Stone Products Ltd.**

Tá Pádraig Ó Murchú an-bhródúil as féin as gnó a bhfuil ag éirí go maith leis a bhunú. Riamh ó d’fhág sé an scoil agus ó chuir a athair oiliúint mar shaor cloch air bhí sé ag iarraidh gnó coiréil agus tógála dá chuid féin a bheith aige. D’oibrigh sé crua ag gach ní ar thug sé faoi, ar scoil, ina phríntíseach agus anois sa ghnó a bhí aige féin. Dhírigh sé i gcónaí ar an am a bhí le teacht agus dá bharr sin thriail sé na cinnidh is fearr a dhéanamh ar mhaithe leis an ngnó.

Le fiche bliain tá gnó na gcloch agus na coincréite athraithe go mór go háirithe maidir le cáilíocht, seirbhís custaiméirí agus bainistíocht airgeadais agus stoic. Chruthaigh na hathruithe roinnt deacrachtaí sa ghnó ach ba é bealach Phádraig comhoibriú leis an bhfoireann chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin. Thaithin leis go ginearálta oiliúint a chur ar a chuid fostaithe féin ach daoine a fháil ón lasmuigh freisin nuair a bhí gá leis sin.

Ba le tionscal na foirgníochta is mó a bhain custaiméirí ‘*Stone Products*’ agus d’fhill siad go rialta ag trádáil leis an gcuideachta. Bhí custaiméirí sásta leis an mbealach a ndearna Pádraig gnó. D’éirigh leis an gcuideachta mar d’fhaighthí amach an méid a d’fhéadtaí sula ndéantaí cinneadh agus de bharr go mbíodh an oiread fostaithe agus a d’fhéadtaí eagraithe i meithleacha bhíodh baint acu leis na cinnidh a dhéantaí. Thaithin leis daoine tionsnamhacha, go háirithe daoine a choinníodh le hobair, a thabharfadh dúshláin faoi deara go luath agus a gheobhadh réiteach go tapa orthu a bheith ag obair dó. Thug sé cead don fhoireann déileáil díreach le custaiméirí, d’íoc sé go maith iad ach bhíodh súil aige go gcomhlíonfaí spriocanna.

(A) Léirigh ón eolas thuas na tréithe fiontraíochta a bhaineann le Pádraig **(20 marc)**

(B) Déan anailís ar na gníomhaíochtaí bainistíochta a úsáideann Pádraig agus é i mbun a ghnó a bhfuil ag éirí chomh maith leis.
Déan tagairt don téacs thuas i do fhreagra. **(20 marc)**

(C) Is minic a dúirt Pádraig gur Dea-Bhainistíocht Acmhainní Daonna an t-údar ar éirigh leis.
An n-aontófá leis an tuairim sin? Agus tú ag baint leasa as an eolas atá ar fáil faoi Stone Products Ltd., mínigh do fhreagra go hiomlán. **(40 marc)**

**[80 marc]**

# ROINN 3

**Freagair Ceithre cheist as Roinn 3 mar seo a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1, dhá cheist as Cuid 2 agus ceist Amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**
**Tá an marc céanna ag dul do gach ceist.**

## Cuid 1
## Daoine i nGnó/Timpeallacht Ghnó

**Daoine i nGnó**

### Ceist 1

Léigh an t-eolas seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is cuideachta nua í Telair Products PLC a ndearnadh cuideachta mhór di an-tapa. Níl cead ag an lucht oibre dul isteach i gceardchumann. Tá siad rúnda sa tslí a ndéileálann siad leis an bhfoireann agus uaireanta d'eascair aighnis thromchúiseacha as miondíospóidí chaidrimh thionsclaíoch. Níl aon ghnáis chasaoide bunaithe agus tá iompar na mbainisteoirí ag cur as do mhisneach an lucht oibre. D'fhéadfadh gníomhaíocht thionsclaíoch tarlú amach anseo.*

(A) Imlínigh dhá mhodh dlí chun na fadhbanna thuas a réiteach.
**(20 marc)**

(B) Cuir ról an Choimisinéara um Chearta i gcodarsnacht le ról an Choimisinéara um Chosaint Sonraí ó thaobh coimhlintí gnó a réiteach. **(20 marc)**

(C) Mínigh faoi théarmaí an Achta Caidrimh Thionscail 1990
**(i)** Na cúiseanna do dhíospóidí trádála dleathacha agus
**(ii)** Forálacha an Achta sin maidir le picéadú. **(20 marc)**
**[60 marc]**

**Timpeallacht Idirnáisiúnta/Bhaile**

### Ceist 2

(A) Léirigh an tslí ar féidir le ceisteanna timpeallachta tionchar a bheith acu ar ghnónna.
**(15 marc)**

(B) Déan comparáid idir 'comhghuaillíochtaí' agus 'saincheadúnais' mar chineálacha eagrú gnó.
**(20 marc)**

(C) Déan anailís ar an tslí a gcruthaíonn an Rialtas timpeallacht oiriúnach d'fhiontraíochtaí gnó sa tír. Bain leas as samplaí i d'anailís. **(25 marc)**
**[60 marc]**

**Timpeallacht Idirnáisiúnta/Bhaile**

### Ceist 3

*Is geilleagar oscailte í Éire. Déanann tionchair ón gcoigríoch difear mór do gheilleagar na hÉireann. Cruthaíonn an timpeallacht idirnáisiúnta go leor deiseanna agus dúshlán do Ghnó na hÉireann m.sh. margú táirgí Éireannacha thar lear agus bagairt ó iomaitheoirí thar lear.*

(A) Mínigh, agus tú ag baint leasa as samplaí, an tábhacht a bhaineann le margú domhanda do ghnó domhanda. **(20 marc)**

(B) Imlínigh cuspóir Pholasaí Iomaíochta an Aontais Eorpaigh. **(10 marc)**

(C) Déan plé ar an tslí a bhfuil an Geilleagar Idirnáisúnta ag athrú. Bíodh na tionchair atá aige ar Ghnó na hÉireann i do fhreagra. **(30 marc)**
**[60 marc]**
**THALL ®**

# ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Bainistíocht**

### Ceist 4

(A) Tabhair sainmhíniú ar 'Chumarsáid'.
Léirigh an tábhacht a bhaineann le cumaráid mhaith le go n-éireodh le fiontraíocht gnó.
**(20 marc)**

(B) Déan an ról atá ag feidhmiúcháin Theicneolaíocht an Eolais (Cumarsáid) i gcumarsáid ghnó a mheas. Bain leas as samplaí i do fhreagra. **(20 marc)**

(C) **(i)** Dréachtaigh Barrachairt as na sonraí seo a leanas

| Catagóirí Costas | % |
|---|---|
| Ábhair | 35 |
| Saothar | 20 |
| Speansais Ghinearálta | 10 |
| Speansais Airgeadais | 05 |
| Iompar | 25 |
| Margaíocht | 05 |

**(ii)** Abair dhá ní ábhartha maidir leis an eolas atá sa chairt.

**(iii)** Imlínigh dhá chineál amharc-chumarsáide a bhféadfaí leas a bhaint astu chun na sonraí a chur i láthair ag cruinniú bainisteoirí.

**(20 marc)**
**[60 marc]**

**Ról Bainistíochta ag Athrú**

### Ceist 5

(A) Mínigh ról an bhainisteora a bheith ag athrú ó rialtóir go éascaitheoir. Déan tagairt do réimsí mar oibrithe a ionchumhachtú agus Bainistíocht Láncháilíochta i do fhreagra.
**(25 marc)**

(B) Mínigh na straitéisí a bhféadfaí leas a bhaint astu chun go ndéanfaí athrú in eagraíocht a bhainistiú ar bhealach a n-éireodh leis. **(15 marc)**

(C) Léirigh an tionchar a bhíonn ag teicneolaíocht ar eagraíocht ó thaobh

- Costais ghnó agus
- Pearsanra. **(20 marc)**

**[60 marc]**

**Gnó ag Gníomhú**

## Ceist 6

Déan anailís ar phróiseas forbartha Tháirge/Sheirbhíse nua de do rogha féin faoi na cinnteidil seo a leanas:

(A) Giniúint an Smaoinimh

(B) Scríneáil Táirge/Seirbhíse

(C) Forbairt an Choincheapa

(D) Staidéar Indéantachta

(E) Forbairt Samhla. **[60 marc]**

**Gnó ag Gníomhú**

## Ceist 7

Léigh an t-eolas seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tá an oiread sin tábhachta le fairsingiú do roinnt gnó go mbaineann siad leas as gach modh is féidir leo chun sin a dhéanamh is cuma cad a chosnóidh sé orthu. Ní hiad na gnónna a fhairsingíonn ar mhaithe le breis airgid a dhéanamh de ghnáth is fearr a n-éiríonn leo. Go minic déanann siad dearmad ar roinnt cúiseanna tábhachtacha eile a bhíonn le fairsingiú i ngnó m.sh. ní i gcónaí a chuirtear tábhacht le freastal ar riachtanais a bhíonn i ndáiríre ag custaiméirí.*

(A) Imlínigh dhá chúis le Fairsingiú Gnó seachas ar mhaithe le méadú ar Bhrabúis. **(20 marc)**

(B) Déan cur síos ar an tslí a gcuideodh forbairt straitéis (plean) mhaith margaíochta le fairsingiú gnó. **(10 marc)**

(C) Cuir caipiteal cothromais i gcodarsnacht le caipiteal iasachta mar fhoinsí airgeadais d’fhairsingiú. **(30 marc)**

**[60 marc]**